BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

25 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Ceannasacht – Airteagal 102 CFAE – Margaí digiteacha – Ardán digiteach – Diúltú gnóthais ag a bhfuil ceannasacht a bhfuil ardán digiteach forbartha aige rochtain a dheonú ar an ardán sin do ghnóthas tríú páirtí a bhfuil aip forbartha aige, trí idir-inoibritheacht an ardáin sin agus an aip sin a áirithiú – Measúnú ar chineál fíor-riachtanach an rochtana ar ardán digiteach – Éifeachtaí an iompair a ndéantar gearán ina leith – Bonn cirt oibiachtúil – An gá atá ann go bhforbródh an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad le haghaidh catagóir aipeanna d'fhonn rochtain a dheonú – Sainmhíniú ar an margadh iartheachtach ábhartha)

I gCás C-233/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreith an 7 Aibreán 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 13 Aibreán 2023, sna himeachtaí

Alphabet Inc.,

Google LLC,

Google Italy Srl

v

Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato,

idiragraithe:

Enel X Italia Srl,

Enel X Way Srl,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, S. Rodin, A. Kumin, N. Jääskinen agus D. Gratsias, Uachtaráin Dlísheomraí, E. Regan, I. Ziemele agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 23 Aibreán 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Alphabet Inc., Google LLC agus Google Italy Srl, ag N. Latronico, M. Siragusa agus M. Zotta, avvocati, agus A. Lamadrid de Pablo, abogado,

– Enel X Italia Srl agus Enel X Way Srl, ag F. Cintioli agus G. Lo Pinto, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó L. Fiandaca agus F. Sclafani, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Gréige, ag V. Baroutas agus K. Boskovits, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Conte agus C. Sjödin, i gcáil Gníomhairí,

– Údarás Faireacháin CSTE, ag C. Simpson agus M. Sánchez Rydelski, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 102 TFUE.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Alphabet Inc., Google LLC agus Google Italy Srl agus an Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato (an tÚdarás um Iomaíocht agus Margaí, an Iodáil) (‘AGCM’) maidir le cinneadh an údaráis sin pionós a ghearradh ar na cuideachtaí do shárú ar Airteagal 102 CFAE, mar gheall ar dhiúltú cead a thabhairt d’idir-inoibritheacht aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí seirbhísí a sholáthar a bhaineann le mótarfheithiclí leictreacha a luchtú leis an ardán digiteach Android Auto (‘Android Auto’) curtha ar fáil ag na cuideachtaí sin.

An dlí lena mbaineann

3 Foráiltear le hAirteagal 102 CFAE:

‘Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a thoirmeasc mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit.

D'fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

(b) an táirgeadh, na margaí nó an fhorbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;

(c) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;

(d) chun go dtabharfar conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

4 Is fochuideachta de chuid Alphabet é Google, a rialaíonn Google Italy, atá bunaithe san Iodáil.

5 D'fhorbair Google Android OS, córas oibriúcháin le haghaidh gléasanna iniompartha ó mhonaróirí difriúla. Féadfar, i bprionsabal, an córas sin, a chuirtear ar fáil faoi cheadúnas foinse oscailte, a úsáid gan chostas agus a mhionathrú gan gá údarú a fháil.

6 Forbraíodh Android Auto, a sheol Google in 2015, do ghléasanna iniompartha ag feidhmiú ar chóras oibriúcháin Android OS chun cead a thabhairt dá n-úsáideoirí rochtain a fháil, go díreach ar an scáileán ar chóras faisnéise agus siamsaíochta mótarfheithicle, ar aipeanna ar leith ar a ngléasanna.

7 D'fonn idir-inoibritheacht gach aip le Android Auto a áirithiú, agus chun tástálacha fada agus costasacha aonair chuige sin a sheachaint, cuireann Google réitigh ar fáil le haghaidh catagóirí iomlána aipeanna i bhfoirm '*templates*' (teimpléid) le haghaidh gach réiteach idir-inoibritheachta (an 'teimpléad'). Ceadaítear leis na teimpléid sin d'fhorbróirí tríú páirtí leaganacha a chruthú dá n-aipeanna féin atá comhoiriúnach le Android Auto. Go déanach in 2018, bhí teimpléid ar fáil le haghaidh aipeanna meáin agus teachtaireachta. Chun freastal ar riachtanais úsáideoirí aipeanna treoraithe, d'fhorbair nó fuair Google aipeanna léarscáile agus treoraithe, eadhon, Google Maps agus Waze, atá idir-inoibritheach le Android Auto. Ina theannta sin, cheadaigh Google, i gcásanna áirithe, d'fhorbróirí tríú páirtí aipeanna pearsantaithe a fhorbairt gan teimpléad réamhshainithe a bheith ann.

8 Is cuid de ghrúpa Enel é Enel X Italia Srl, a bhainistíonn níos mó ná 60 % de na stáisiúin luchtaithe atá ar fáil do mhótarfheithiclí leictreacha san Iodáil, agus a sholáthraíonn seirbhísí don luchtú sin.

9 I mBealtaine 2018, sheol Enel X Italia an aip JuicePass, atá ar fáil d'úsáideoirí gléasanna iniompartha ag feidhmiú ar chóras oibriúcháin Android OS agus gur féidir a íoslódáil ar Google Play. Sholáthródh an aip sin raon feidhmiúlachtaí chun mótarfheithiclí leictreacha a luchtú. Go háirithe, ceadaítear leis an aip sin d'úsáideoirí stáisiúin luchtaithe a chuardach agus a chur in áirithe ar léarscáil, an cuardach a aistriú chuig Google Maps d'fhonn treorú chuig an stáisiún luchtaithe arna roghnú, agus an seisiún luchtaithe a thosú, stad a chur leis, agus faireachán a dhéanamh air agus an íocaíocht a bhaineann leis a dhéanamh.

10 I mí Mheán Fómhair 2018, d'iarr Enel X Italia ar Google na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun idir-inoibritheacht JuicePass le Android Auto a chinntiú, rud a dhiúltaigh Google, ar an bhforas gurbh iad aipeanna ilmheán agus teachtaireachtaí na haipeanna cuideachta tríú páirtí amháin a bhí idir-inoibritheach le Android Auto. Tar éis iarraidh nua ó Enel X Italia, a rinneadh i mí na Nollag 2018, dhiúltaigh Google arís, i mí Eanáir 2019, na gníomhartha sin a dhéanamh ar fhorais slándála agus mar gheall ar an riachtanas na hacmhainní ar ghá leo chun teimpléad nua a chruthú a shannadh ar bhealach réasúnta.

11 An 12 Feabhra 2019, thug Enel X Italia caingean os comhair AGCM, ag maíomh gurb ionann iompar Google, arbh é a bhí ann diúltú gan bonn cirt d'úsáid na haipe JuicePass trí Android Auto, agus sárú ar Airteagal 102 CFAE.

12 I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh Google teimpléad chun leaganacha trialacha d'aipeanna luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha a dhearadh a bheadh idir-inoibritheach le Android Auto.

13 Le cinneadh an 27 Aibreán 2021, tháinig AGCM ar an gconclúid gurb ionann iompar Google, lenar chuir sé bac agus moill ar fhoilsiú JuicePass ar Android Auto, agus mí-úsáid ceannasachta de réir bhrí Airteagal 102 CFAE. D'ordaigh an t-údarás sin do Google, go háirithe, an leagan deiridh den teimpléad d'fhorbairt aipeanna chun mótarfheithiclí leictreacha a luchtú a fhoilsiú agus aon fheidhmiúlachtaí a fhorbairt arna léirigh Enel X Italia a bheith riachtanach agus a bhí in easnamh ón leagan sin. Ina theannta sin, ghearr an t-údarás sin fíneáil EUR 102 084 433.91 ar Alphabet, Google agus Google Italy, i gcomhpháirt agus go leithleach.

14 Thug na cuideachtaí sin caingean i gcoinne chinneadh AGCM os comhair Tribunale amministrativo regionale del Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio, an Iodáil), a dhíbh an chaingean ina hiomláine.

15 Rinne na cuideachtaí sin achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

16 Deir an Coimisiún gur mheas AGCM, mar fhreagra ar iarraidh Enel X Italia, nár chuir Google na réitigh teicneolaíochta faisnéise (TF) iomchuí ar fáil agus, dá bhrí sin, gur chuir sé bac agus moill gan bonn cirt ar infhaighteacht na haipe JuicePass ar Android Auto. Sonraíonn an chúirt sin gur mheas AGCM go raibh iompar Google tábhachtach, mar gheall ar cheannasacht Google, maidir le cosaint iomaíochta agus dinimice an mhargaidh, ós rud é go raibh ról lárnach ag Google, go sonrach, maidir le cur ar chumas úsáideoirí gairmiúla, forbróirí sa chás seo, rochtain a fháil ar an bpobal atá comhdhéanta d'úsáideoirí deiridh na n-aipeanna. Go háirithe, braitheann cineálacha agus tréithe sonracha na n-aipeanna is féidir a eisiúint ar Android Auto agus uainiú an tsainmhínithe agus soláthar na n-uirlisí ríomhchlárúcháin riachtanacha go heisiach ar Google.

17 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire freisin, de réir AGCM, go bhfuil fíoriomaíocht ann idir na haipeanna Google Maps agus JuicePass, ós rud é go gcuireann an dá aip sin seirbhísí cuardaigh agus treoraithe ar fáil do stáisiúin luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha. De réir AGCM, tá iomaíocht fhéideartha idir na haipeanna sin freisin, ós rud é go dtugann JuicePass feidhmiúlachtaí atá nua, ach a d'fhéadfaí a chomhtháthú le Google Maps sa todhchaí. Cuireann an chúirt sin in iúl freisin gur mheas AGCM, i bhfianaise an fhorluí pháirtigh idir na haipeanna chéanna agus comhtháthú na haipe Google Maps in Android Auto, cé gur cuireadh an aip JuicePass as an áireamh, nár mhór diúltú Google a ionadú i gcomhthéacs diúltú d'idir-inoibritheacht, arb ionann é agus diúltú conradh a thabhairt i gcrích, rud a d'fhág gur sáraíodh prionsabal an chomhionannais maidir le coinníollacha iomaíochta, mar thoradh ar bhuntáiste éagórach a bheith tugtha d'aip Google, chun dochair d'aip iomaitheora Google.

18 Os comhair na cúirte a rinne an tarchur, áitíonn Alphabet, Google agus Google Italy, *inter alia*, nár scrúdaigh AGCM i gceart na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh an bhfuil diúltú soláthair mí-úsáideach agus cáineann sé an t-údarás sin, go bunúsach, as mainneachtain anailís a dhéanamh an raibh rochtain ar Android Auto fíor-riachtanach don aip JuicePass. Maíonn siad freisin go raibh bonn cirt le hiompar Google de bharr breithnithe oibiachtúla agus dlisteanacha.

19 Ina theannta sin, áitíonn na cuideachtaí sin, ós rud é go mbaineann an t-iompar a ndéantar gearán ina leith le rochtain ar Android Auto, go raibh sé riachtanach, chun mí-úsáid ceannasachta a aimsiú, an margadh ábhartha ar a n-oibríonn Android Auto a shainiú agus a aimsiú go raibh an aip sin ceannasach ar an margadh sin. Thairis sin, measann siad nár shainaithin AGCM an margadh iartheachtach ábhartha ná ceannasacht Google ar an margadh sin, ach nár shainaithin sé ach an 'spás iomaíoch' ina mbeadh aipeanna treoraithe in iomaíocht le haipeanna luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha, gan an anailís is gá a dhéanamh chun teacht ar an gconclúid gurb ionann 'spás iomaíoch' den sórt sin agus margadh ábhartha faoi dhlí na hiomaíochta. Ar deireadh, maíonn siad nach féidir a mhaíomh go bhfuil caidreamh iomaíoch ann idir Google Maps agus JuicePass.

20 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag iompar Google ar an earnáil eacnamaíoch ar leith ar cuid di é, go bhféadfadh an t-iompar sin a bheith ina dhiúltú soláthair mí-úsáideach agus ina shárú ar Airteagal 102 CFAE.

21 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil ceannasacht mhargaidh ag Google tríd an gcóras oibriúcháin Android OS agus Google Play, ós rud é nach bhfuil in Android Auto ach forbairt ar an gcóras oibriúcháin sin le haghaidh córas faisnéise agus siamsaíochta mótarfheithicle. Dealraíonn sé go bhfuil rochtain ar Android Auto 'fíor-riachtanach' chun cead a thabhairt do Enel X Italia aipeanna atá inúsáidte go héasca agus go sábháilte a thairiscint d'úsáideoirí deiridh agus na húsáideoirí sin ag tiomáint feithicil den sórt sin. I ndáil leis sin, níor cheart neamhaird a dhéanamh ar fhorbairt thapa san earnáil digiteach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le táirgí nó seirbhísí a dearadh ar dtús chun úsáid earraí atá ann cheana a dhéanamh mar earraí 'riachtanacha' a éascú.

22 De réir na cúirte a rinne an tarchur, is cosúil go bhféadfadh iompar Google deireadh a chur le hiomaíocht ar an margadh. I bhfianaise shaintréithe na margaí digiteacha, d'fhéadfaí a áitiú, mura mbeadh rochtain ar Android Auto indéanta don aip JuicePass, go mbeadh an aip JuicePass tar éis a spéis i measc tomhaltóirí a chailleadh agus go bhféadfadh iompar den sórt sin a bheith ina chúis le cosc a chur ar úsáideoirí taitneamh a bhaint as táirge níos fearr a bhfuil éileamh féideartha ann dó. Thairis sin, is cosúil go bhféadfadh aip chineálach atá ann cheana, eadhon Google Maps, feidhmeanna sonracha JuicePass a chomhtháthú. Thairis sin, is cosúil nach dtacaíonn fíor-údair oibiachtúla le diúltú Google do Enel X Italia.

23 Dá bhrí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn rialú a thabhairt sna príomhimeachtaí, é a bheith riachtanach treoir a fháil ar léiriú Airteagal 102 CFAE, agus go príomha maidir leis an gcásdlí a d'eascair as breithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), maidir le diúltú rochtain a dheonú ar bhonneagar gnóthais ag a bhfuil ceannasacht. I ndáil leis sin, measann an chúirt sin nach ndealraíonn sé go bhfuil an cásdlí sin infheidhme go díreach sa chás seo agus fiafraíonn sí an dtugann saintréithe sonracha fheidhmiú na margaí digiteacha bonn cirt le himeacht ó na coinníollacha a leagtar amach sa bhreithiúnas sin i gcás amhail an cás atá os a comhair nó, ar a laghad, léiriú a dhéanamh orthu go solúbtha. Tá amhras ar an gcúirt sin freisin maidir leis an gcaoi ar chóir d'údaráis iomaíochta na margaí ábhartha a shainiú i gcás ina ndiúltaítear rochtain amhail an cás atá os a comhair.

24 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) I gcomhréir le hAirteagal 102 CFAE, an gá an ceanglas go mbeidh an táirge is ábhar do dhiúltú soláthar fíor-riachtanach a léiriú sa chiall nach mór rochtain a bheith fíor-riachtanach chun gníomhaíocht ar leith a fheidhmiú ar mhargadh comharsanachta, nó an leor é go bhfuil rochtain fíor-riachtanach chun úsáid níos áisiúla a bhaint as na hearraí nó na seirbhísí atá á dtairiscint ag an ngnóthas a bhfuil rochtain á hiarraidh aige, go háirithe i gcás inarb é cuspóir an dramhtháirge, go bunúsach, é a dhéanamh níos éasca agus níos tarraingtí earraí nó seirbhísí atá ann cheana a úsáid?

(2) I gcomhthéacs iompair a aicmítear mar dhiúltú soláthair, an féidir a mheas gur iompar mí-úsáideach é de réir bhrí Airteagal 102 CFAE i gcás, in ainneoin easpa rochtana ar an táirge a iarradh, (i) go raibh an gnóthas is iarratasóir gníomhach ar an margadh cheana féin agus gur lean sé de bheith ag fás sa mhargadh le linn thréimhse na mí-úsáide líomhnaithe agus (ii) gur lean oibreoirí eile in iomaíocht leis an ngnóthas a d’iarr rochtain ar an táirge de bheith ag oibriú ar an margadh?

(3) I gcomhthéacs mí-úsáide arb é atá inti diúltú rochtain a thabhairt ar tháirge nó ar sheirbhís a líomhnaítear a bheith fíor-riachtanach, an gá Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chiall cé nach raibh an táirge nó an tseirbhís ar fháil tráth an iarratais ar sholáthar, nach mór é a chur san áireamh mar bhonn cirt oibiachtúil leis an diúltú sin, nó ar a laghad an gá d’údarás iomaíochta anailís a dhéanamh, ar thosca oibiachtúla, ar an am a thógann sé ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht an táirge nó an tseirbhís a bhfuil rochtain á lorg air a fhorbairt, nó a bhfuil sé de cheangal air, ar a mhalairt, go gceanglófaí ar an bpríomhghnóthas, i bhfianaise a fhreagrachta ar an margadh, an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin am is gá chun an táirge a fhorbairt?

(4) An gá Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chiall go bhféadfadh sé go gceanglófaí ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht a bhfuil smacht aige ar ardán digiteach a tháirgí a mhodhnú, nó cinn nua a fhorbairt, chun é a chur ar a gcumas dóibh siúd a iarrann air rochtain a fháil ar na táirgí sin? Más amhlaidh atá, an bhfuil gá le gnóthas ag a bhfuil ceannasacht chun ceanglais ghinearálta an mhargaidh nó riachtanais an ghnóthais aonair atá ag iarraidh rochtain ar an ionchur a líomhnaítear a bheith fíor-riachtanach a chur san áireamh nó, ar a laghad ar bith, i bhfianaise na freagrachta speisialta a ghlacann sé ar an margadh, ní mór dó réamhchinneadh a dhéanamh ar chritéir oibiachtúla chun scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a dhírítear air agus chun a n-ord tosaíochta a rangú?

(5) I gcomhthéacs mí-úsáide arb é atá i gceist léi diúltú rochtain a thabhairt ar tháirge nó ar sheirbhís a líomhnaítear a bheith fíor-riachtanach, an gá Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chiall go gceanglaítear ar údarás iomaíochta ar dtús an margadh iartheachtach ábhartha a ndéanann an mhí-úsáid difear dó a shainiú agus a shainaithint, agus nach féidir ach an margadh sin a shainaithint fiú?’

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

25 Measann Enel X Italia nach bhfuil an tarchur chun réamhrialú inghlactha ar an bhforas nach bhfuil gá le freagra na Cúirte ar na ceisteanna a tarchuireadh chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach. Tháinig an chúirt a rinne an tarchur ar thuairim cheana féin maidir

leis an gcur chuige a bhfuil sé ar intinn aici a leanúint agus ní iarrann sí ar an gCúirt aon amhras maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE a dhíbirt, ach cinneadh a ghlacadh lena ndeimhnítear an dearcadh sin agus a d'fhéadfadh a bheith mar thagairt in imeachtaí amach anseo ina n-ardófar ceisteanna atá comhionann leo siúd a ardaíodh sna príomhimeachtaí.

26 Ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, is faoin gcúirt náisiúnta amháin, ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú a chinneadh ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Bezirkshauptmannschaft Landeck* (Iarracht rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna stóráil ar fhón póca), C-548/21, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Dá réir sin, baineann toimhde ábharthachta le tarchur chun réamhrialú ar dhlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt ar cheist den sórt sin ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú nó measúnú bailíochta ar riail dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Bezirkshauptmannschaft Landeck* (Iarracht rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna stóráil ar fhón póca), C-548/21, EU:C:2024:830, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir, ar an gcéad dul síos, go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE mar gheall ar dhiúltú Google freagra fabhrach a thabhairt ar iarraidh a seoladh chuige ó ghnóthas tríú páirtí chun idir-inoibritheacht aipe arna forbairt ag an ngnóthas sin le hardán digiteach arna fhorbairt ag Google a chumasú agus, ar an dara dul síos, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE i gcás diúltú den sórt sin. Go sonrach, baineann na ceisteanna a chuir an chúirt sin, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, leis an gcoincheap 'fíor-riachtanas' rochtana ar an táirge nó ar an tseirbhís atá faoi réir diúltú soláthair, ina dhiaidh sin, leis an gceist maidir le héifeachtaí iompair a chuirtear i leith an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, ansin leis an gcoincheap 'bonn cirt oibiachtúil' agus le haon oibleagáidí ar an ngnóthas sin agus, ar deireadh, leis an sainmhíniú ar an margadh ar a bhféadfaí éifeachtaí frithiomaíocha tarlú.

29 Ina theannta sin, léirítear ón ordú tarchuir na cúiseanna beachta a chuir an cúirt a rinne an tarchur ag fiosrú maidir le léiriú Airteagal 102 CFAE agus an chúis gur mheas sí go raibh gá na ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

30 Sna himthosca sin, ní dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar Airteagal 102 CFAE le fíricí nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí nó gur fadhb hipitéiseach í an fhadhb a ardaíodh.

31 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a mheabhraítear, go bunúsach, i mír 18 de na Moltaí do chúirteanna agus binsí náisiúnta maidir le himeachtaí réamhrialaithe a thionscnamh (IO C C/2024/6008), arb ionann a fhoclaíocht agus foclaíocht phointe 18 de na Moltaí a foilsíodh in 2019 (IO 2019 C 380, lch. 1), nach gcaitheann foirmliú breithnithe áirithe ón gcúirt a rinne an tarchur maidir leis na freagraí atá le tabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear amhras ar inghlacthacht na gceisteanna sin.

32 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

33 De réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE,, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Is faoin gCúirt atá sé, i ndáil leis sin, pointí dhlí an Aontais lena n-éilítear léiriú a bhaint as an bhfaisnéis go léir a chuir an chúirt náisiúnta ar fáil, go háirithe as forais an ordaithe tarchuir, i bhfianaise ábhar na díospóide (breithiúnas an 30 Aibreán 2024, M.N. *(EncroChat)*, C-670/22, EU:C:2024:372, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Sa chás seo, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, tosaíonn an chúirt a rinne an tarchur ar an mbonn gur bonneagar san earnáil digiteach é Android Auto agus, ar an dáta a tharla an t-iompar a chuirtear i leith na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí, arb é atá ann diúltú cead a thabhairt d'idir-inoibritheacht le Android Auto d'aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí, go raibh ceannasacht ag Google ar an margadh lena mbaineann Android Auto. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú in imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, go bhfuil dlínse eisiach ag an gcúirt náisiúnta fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí a chinneadh agus a mheas (breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Heureka Group* (Seirbhísí comparáide praghsanna), C-605/21, EU:C:2024:324, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Is léir freisin ón iarraidh sin go bhfiafraíonn an cúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise shaintréithe sonracha fheidhmiú na margaí digiteacha lena mbaineann cás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí agus i bhfianaise fheidhm ardáin dhigitigh amhail Android Auto, nach bhfuil bonn cirt le neamhaird a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar amach, go háirithe, i mbreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), nó iad a léiriú go solúbtha, chun Airteagal 102 CFAE a chur i bhfeidhm maidir le hiompar arb é atá ann diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a d'fhorbair ardán digiteach, rochtain ar an ardán sin a dheonú trína idir-inoibritheacht le haip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí sin a áirithiú, eadhon, go bunúsach, diúltú idir-inoibritheacht an ardáin sin leis an aip sin a dheimhniú.

36 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, leis an gcéad cheist dá cuid, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a d'fhorbair ardán digiteach, idir-inoibritheacht an ardáin sin a áirithiú, ar iarratas ó ghnóthas tríú páirtí, le haip arna forbairt ag an ngnóthas tríú páirtí sin, a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta, cé nach bhfuil an t-ardán sin fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe sin ar mhargadh iartheachtach, ach go bhfuil sé in ann an aip sin a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí.

37 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú go dtoirmeasctar le hAirteagal 102 CFAE aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit. Tá sé d'aidhm ag an Airteagal sin cosc a chur le dochar a

dhéanamh d'iomaíocht chun dochair don leas ginearálta, do ghnóthais aonair agus do thomhaltóirí trí phionós a ghearradh ar iompar gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a chuireann srian ar iomaíocht ar na tuillteanais agus ar dócha, dá bhrí sin, go ndéanfadh sé dochar díreach dóibh, nó a chuireann cosc ar an iomaíocht sin nó a shaobhann í agus, dá bhrí sin, a d'fhéadfadh dochar indíreach a dhéanamh dóibh (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Is éard atá in iompar den sórt sin iompar lena ndéantar, ar mhargadh ina bhfuil an leibhéal iomaíochta lagaithe cheana féin, go díreach mar thoradh ar cheannasacht gnóthais amháin nó níos mó a bheith ann, bac a chur, trí leas a bhaint as modhanna atá éagsúil leis na modhanna lena rialaítear iomaíocht ar na tuillteanais idir gnóthais, ar an leibhéal iomaíochta atá sa mhargadh a choinneáil nó ar fhorbairt na hiomaíochta sin (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Maidir le cleachtais arb é atá iontu diúltú rochtain a thabhairt ar bhonneagar arna fhorbairt ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin agus atá faoina úinéireacht, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh diúltú den sórt sin a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta ar an gcoinníoll ní hamháin go ndíchuireann an diúltú sin an iomaíocht go léir ar an margadh ábhartha ar thaobh an iarratasóra ar rochtain agus nach féidir bonn cirt oibiachtúil a thabhairt leis, ach freisin go bhfuil an bonneagar ann féin fíor-riachtanach chun a ghníomhaíocht a fheidhmiú, sa mhéid nach bhfuil aon ionadaí iarbhír nó féideartha ann don bhonneagar sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Samhain 1998, *Bronner*, C-7/97, EU:C:1998:569, mír 41, agus an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 89 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur tugadh bonn cirt le forchur na gcoinníollacha sin, i mír 41 de bhreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), le himthosca sonracha an cháis sin, arb é a bhí iontu diúltú ó ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht rochtain a thabhairt d'iomaitheoir ar bhonneagar a d'fhorbair sé do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin, d'eisiamh aon iompair eile (breithiúnais an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún*, C-152/19 P, EU:C:2021:238, mír 45, agus an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 90 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Mar gheall ar an gcinneadh gur bhain gnóthas ag a bhfuil ceannasacht mí-úsáid as a sheasamh mar gheall ar dhiúltú conradh a thabhairt i gcrích le hiomaitheoir, cuirtear iallach ar an ngnóthas sin conradh a thabhairt i gcrích leis an iomaitheoir sin. Déanann oibleagáid den sórt sin dochar go háirithe don tsaoirse chun conradh a thabhairt i gcrích agus do cheart chun maoine an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht i gcás ina bhfanann gnóthas, fiú más gnóthas ceannasach é, i bprionsabal, saor chun diúltú conradh a thabhairt i gcrích maidir leis an mbonneagar a d'fhorbair sé dá riachtanais féin agus é a shaothrú (breithiúnas an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún*, C-152/19 P, EU:C:2021:238, mír 46, agus an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 91).

42 Thairis sin, cé go bhfuil sé d'éifeacht ag cinneadh, sa ghearrthéarma, gur bhain gnóthas mí-úsáid as a cheannasacht mar gheall ar dhiúltú conradh a thabhairt i gcrích le hiomaitheoir iomaíocht a spreagadh, ar an taobh eile, san fhadtéarma, tá sé fabhrach go ginearálta d'fhorbairt na hiomaíochta agus ar mhaithe le tomhaltóirí cead a thabhairt do chuideachta an bonneagar a d'fhorbair sí do riachtanais a gníomhaíocht a fhorchoimeád dá húsáid féin. Dá gceadófaí rochtain

ró-éasca ar shaoráid táirgthe, cheannaigh nó dáileacháin, ní bheadh aon dreasacht ann d'iomaitheoirí saoráidí iomaíocha a fhorbairt. Ina theannta sin, ní bheadh gnóthas ag a bhfuil ceannasacht chomh fonnmhar infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar éifeachtúil dá bhféadfaí a cheangal air, arna iarraidh sin go lom ag a iomaitheoirí, na leasanna a eascraíonn as a infheistíocht féin a roinnt leo (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún*, C-152/19 P, EU:C:2021:238, mír 47, agus an 25 Márta 2021, *Slovak Telekom* v *an Coimisiún*, C-165/19 P, EU:C:2021:239, mír 47).

43 Dá bhrí sin, is é, go háirithe, an gá do ghnóthais cheannasacha leanúint do spreagadh a bheith acu infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí nó seirbhísí ar ardchaighdeán, ar mhaithe le tomhaltóirí, rud, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 30 dá Tuairim, a thugann bonn cirt le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 39 den bhreithiúnas seo i gcás inar fhorbair gnóthas ag a bhfuil ceannasacht bonneagar do riachtanais a ghnó féin agus atá faoina úinéireacht féin.

44 Ar an taobh eile, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 35 dá Tuairim, i gcás inar fhorbair gnóthas ag a bhfuil ceannasacht bonneagar ní hamháin do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin ach d'fhonn úsáid an bhonneagair sin a chur ar chumas ghnóthais tríú páirtí, níl feidhm ag an gcoinníoll a leagtar amach i mír 41 de bhreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), a bhaineann leis an bhfíoras go bhfuil an bonneagar sin fíor-riachtanach chun gníomhaíocht an iarratasóra ar rochtain a fheidhmiú, sa chiall nach bhfuil aon ionadaí iarbhír nó féideartha ann don bhonneagar sin.

45 I gcás den sórt sin, ní thugann caomhnú shaoirse an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht chun conradh a thabhairt i gcrích agus an chirt chun maoine, ná an gá an leanúint den ghnóthas sin a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí nó seirbhísí ardcháilíochta, bonn cirt le teorainn a chur le haicmiú ar diúltú rochtain a thabhairt ar an mbonneagar atá i gceist do ghnóthas tríú páirtí mar mhí-úsáideach, de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, do chásanna ina bhfágann an diúltú sin nach féidir leis an ngnóthas sin a ghníomhaíocht a fheidhmiú, trí thairiscint inmharthana a fhorbairt ar mhargadh comharsanachta.

46 Is leor a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, cé gur ghlac an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht leis go bhfuil an costas a bhaineann le bonneagar den sórt sin a fhorbairt ní do riachtanais a ghníomhaíocht féin amháin, ach ionas go bhféadfaidh gnóthais tríú páirtí an bonneagar sin a úsáid, ní dhéantar athrú bunúsach ar an teimpléad eacnamaíoch a raibh feidhm aici maidir le forbairt an bhonneagair sin a cheangal ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht rochtain ar an mbonneagar sin a thabhairt do ghnóthas tríú páirtí.

47 Dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhfuil feidhm ag na coinníollacha a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach i mír 41 de bhreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), maidir le cás a bhaineann le rochtain ar bhonneagar a dhiúltú, is gá a chinneadh an ndearna an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht an bonneagar sin a fhorbairt do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin amháin agus an bhfuil sé faoina úinéireacht nó, os a choinne sin, ar forbraíodh an bonneagar sin chun a úsáid ag gnóthais tríú páirtí a cheadú, mar is léir ón bhfíoras gur dheonaigh an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht sin rochtain den sórt sin cheana féin do ghnóthais den sórt sin.

48 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gur dheonaigh Google rochtain ar Android Auto do ghnóthais tríú páirtí, agus go ndearna Google an t-ardán digiteach sin comhoiriúnach do chatagóirí aipeanna, nó fiú d'aipeanna shonracha a d'fhorbair na gnóthais tríú páirtí sin. Maidir le hardán digiteach atá ceaptha chun úsáid aipeanna a chumasú ar chóras faisnéise agus siamsaíochta

mótarfheithicle, ar aipeanna iad arna bhforbairt, *inter alia*, ag tríú páirtithe agus arna n-íoslódáil ar ghléasanna iniompartha úsáideoirí, ní féidir a mheas gur cruthaíodh é do riachtanais an ghnóthais sin ag a bhfuil ceannasacht amháin.

49 Dá bhrí sin, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, dealraíonn sé nár fhorbair Google Android Auto do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin amháin, ós rud é go raibh rochtain ar an ardán digiteach sin ar oscailt do ghnóthais tríú páirtí, agus mar thoradh air sin nach bhfuil an coinníoll a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach i mír 41 de bhreithiúnas an 26 Samhain 1998, *Bronner* (C-7/97, EU:C:1998:569), a bhaineann le cineál fíor-riachtanach ghníomhaíocht an iarratasóra ar rochtain, infheidhme chun a scrúdú an ionann an diúltú, ag gnóthas a d'fhorbair ardán digiteach, rochtain a dheonú do ghnóthas tríú páirtí a d'fhorbair aip ar an ardán sin, trí idir-inoibritheacht an ardáin sin leis an aip sin a áirithiú, agus mí-úsáid ceannasachta de réir bhrí Airteagal 102 CFAE.

50 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an diúltú sin a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta cé nach bhfuil an t-ardán digiteach sin fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe lena mbaineann ar mhargadh iartheachtach, sa chiall nach bhfuil aon ionadach iarbhír nó féideartha ann dá húsáid tríd an ardán céanna.

51 I gcás den sórt sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 46 agus 48 dá Tuairim, is gá a chinneadh, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 38 agus 39 den bhreithiúnas sin, an bhfuil sé d'éifeacht iarbhír nó fhéideartha ag diúltú an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, sealbhóir an ardáin dhigitigh lena mbaineann, rochtain ar an ardán sin a dheonú do ghnóthas tríú páirtí a d'fhorbair aip, trí idir-inoibritheacht an ardáin sin leis an aip sin a áirithiú, táirge nó seirbhís a eisiamh, bac nó moill a chur ar fhorbairt táirge nó seirbhíse ar an margadh, ar táirge nó seirbhís é a d'fhéadfadh a bheith, ar a laghad, in iomaíocht le táirge nó seirbhís a d'fhéadfadh an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a sholáthar agus ar iompar é a chuireann srian ar iomaíocht ar na tuillteanais agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, dochar a dhéanamh do thomhaltóirí.

52 Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a d'fhorbair ardán digiteach, idir-inoibritheacht an ardáin sin a áirithiú, ar iarratas ó ghnóthas tríú páirtí, le haip arna forbairt ag an ngnóthas tríú páirtí sin, a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta, cé nach bhfuil an t-ardán sin fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe sin ar mhargadh iartheachtach, ach go bhfuil sé in ann an aip sin a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí, i gcás nár fhorbair gnóthas ag a bhfuil ceannasacht an t-ardán sin do riachtanais a ghníomhaíochtaí féin amháin.

An dara ceist

53 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go raibh an gnóthas a d'fhorbair aip agus a d'iarr ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht a áirithiú go bhfuil an t-ardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais sin idir-inoibritheach lena aip, agus gur fhan iomaitheoirí an chéad ghnóthais gníomhach ar an margadh lena mbaineann an aip sin agus gur fhorbair siad a suíomh ar an margadh sin, cé nár bhain siad tairbhe as idir-inoibritheacht den sórt sin, de chineál a thugann le fios ann féin nach bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag diúltú an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht an iarraidh sin a chomhlíonadh.

54 I ndáil le sin, chun a mheas, i gcás ar leith, nach mór iompar a aicmiú mar 'mhí-úsáid ceannasachta' de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, is gá, mar riail ghinearálta, a léiriú, trí leas a bhaint as modhanna atá éagsúil ó na modhanna lena rialaítear iomaíocht ar na tuillteanais idir gnóthais, go bhfuil sé d'éifeacht iarbhír nó fhéideartha ag an iompar sin an iomaíocht sin a shrianadh trí ghnóthais iomaíocha atá chomh héifeachtúil céanna a eisiamh ón margadh/ó na margaí lena mbaineann, nó trína bhforbairt ar na margaí sin a chosc, agus go bhféadfadh na margaí sin a bheith ina margaí ina bhfuil an cheannasacht agus ina margaí, bídís gaolmhar nó comharsanach, i gcás ina bhfuil sé beartaithe go mbeadh éifeachtaí iarbhír nó féideartha ag an iompar sin (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiun* (Google Shopping), C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 165 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Ní chiallaíonn tréithriú iompair gnóthais ag a bhfuil ceannasacht mar mhí-úsáideach gur ghá a léiriú gur baineadh amach toradh iompair gnóthais den sórt sin, chun a iomaitheoirí a bhrú amach as an margadh faoi cheist agus, dá bhrí sin, fíor-éifeacht eisiatach ar an margadh a léiriú. Is é cuspóir Airteagal 102 CFAE mí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ar cheannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a phionósú, cé acu an raibh an cleachtas sin rathúil nó nach raibh (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Dá bhrí sin, féadfaidh údarás iomaíochta a chinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 102 CFAE trína shuíomh, le linn na tréimhse inar cuireadh an t-iompar i gceist chun feidhme, go raibh sé d'acmhainn ag an iompar sin, in imthosca an cháis seo, srian a chur leis an iomaíocht ar na tuillteanais d'ainneoin a easpa éifeachta (breithiúnas an 19 Eanáir 2023, *Unilever Italia Mkt. Operations*, C-680/20, EU:C:2023:33, mír 41).

57 Mar sin féin, ní mór an léiriú sin a bheith bunaithe, i bprionsabal, ar fhianaise inláimhsithe lena léirítear, ag dul thar hipitéis amháin, cumas iarbhír an chleachtais atá i gceist éifeachtaí den sórt sin a bheith acu, agus ní mór go rachadh sé chun tairbhe don ghnóthas a bhaineann úsáid as cleachtas den sórt sin gurb ann d'amhras ina leith sin (breithiúnas an 19 Eanáir 2023, *Unilever Italia Mkt. Operations*, C-680/20, EU:C:2023:33, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Ní gá go gciallódh coinneáil an leibhéal céanna iomaíochta ar an margadh ábhartha, nó fiú fás na hiomaíochta ar an margadh sin, nach bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag an iompar atá i gceist, ós rud é go bhféadfadh easpa éifeachta den sórt sin eascairt as cúiseanna eile agus a bheith mar thoradh, *inter alia*, ar athruithe a tharla ar an margadh ábhartha ó cuireadh tús leis an iompar sin nó ar an bhfíoras nach raibh an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht in ann an straitéis atá mar bhonn taca leis an iompar sin a chur i gcrích (breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 54). Go háirithe, ar an gcéad dul síos, ní féidir le mí-úsáid an iompair atá i gceist a bheith ag brath ar chumas iomaitheoirí ar an margadh lena mbaineann éifeachtaí den sórt sin a mhaolú agus, ar an dara dul síos, ní féidir a chur as an áireamh, in éagmais an iompair sin, go bhféadfadh iomaíocht ar an margadh sin fás níos mó fós.

59 Sa chás seo, ní chiallaíonn an fíoras ar bhraith Google gur lean Enel X Italia agus a iomaitheoirí de bheith ag feidhmiú ar an margadh ar leis an aip Juice Pass, nó gur mhéadaigh a láithreacht ar an margadh, ann féin nach bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith mar thoradh ar dhiúltú Google rochtain a dheonú ar Android Auto. Mar sin féin, d'fhéadfadh an fíoras sin, ar choinníoll go mbunaítear go héifeachtach é, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, a bheith ina fhianaise nach bhféadfadh iompar Google atá i gceist sna príomhimeachtaí éifeachtaí eisiatacha a líomhnaítear a bheith aige.

60 I ndáil leis sin, maidir le haip a bhaineann le seirbhísí luchtaithe mótarfheithiclí, amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí, d'fhéadfadh aon fhianaise a thugtar ar aird chun léiriú a thabhairt ar an spéis a d'fhéadfadh a bheith ag aip amhail JuicePass d'úsáideoirí mótarfheithiclí leictreacha, lena n-áirítear, go háirithe, na feidhmiúlachtaí a dhéantar cur síos orthu i mír 9 den bhreithiúnas seo, a bheith ábhartha, in ainneoin nach bhféadfaí an aip sin a úsáid ar chórais faisnéise agus siamsaíochta na bhfeithiclí sin trí Android Auto.

61 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi nach léiríonn an fíoras go raibh an gnóthas a d'fhorbair aip agus a d'iarr ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht a áirithiú go bhfuil an t-ardán digiteach, atá faoi úinéireacht an ghnóthais sin, idir-inoibritheach lena aip, agus gur fhan iomaitheoirí an chéad ghnóthais gníomhach ar an margadh lena mbaineann an aip sin agus gur fhorbair siad a suíomh ar an margadh sin, cé nár bhain siad tairbhe as idir-inoibritheacht den sórt sin ar an ardán sin, ann féin nach bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag diúltú an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht an iarraidh sin a chomhlíonadh. Is gá a mheas an raibh an t-iompar sin ar thaobh an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht de chineál a chuirfeadh bac ar chothabháil nó ar fhorbairt na hiomaíochta ar an margadh ábhartha, agus na himthosca fíorasacha ábhartha go léir á gcur san áireamh.

An tríú agus an ceathrú ceist

62 Mar réamhphointe, ar an gcéad dul síos, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuair Google iarraidh ó Enel X Italia ar aip a d'fhorbair Enel X Italia a d'fhéadfaí a úsáid trí Android Auto, rud a spreag Google forbairt a dhéanamh ar theimpléad chun idir-inoibritheacht na n-aipeanna a bhaineann le seirbhísí luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha leis an ardán sin a áirithiú. Is fíor, mar a mhínigh an chúirt a rinne an tarchur, gur fhorbair Google teimpléad ina dhiaidh sin chun leaganacha turgnamhacha d'aipeanna luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha a dhearadh lena n-úsáid ar Android Auto, tar éis don ábhar teacht os comhair AGCM ach sular glacadh cinneadh an údaráis sin. Mar sin féin, ar dháta na hiarrata chuig Google ní raibh teimpléad ann le haghaidh chatagóir na n-aipeanna a bhaineann leis na seirbhísí luchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí den sórt sin.

63 Dá réir sin, baineann amhras na cúirte a rinne an tarchur, ar dá toradh a chuir sí an tríú agus an ceathrú ceist, leis an tionchar, chun críocha an t-iompar atá i gceist a aicmiú mar mhí-úsáid ceannasachta, de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, ar easpa teimpléid do chatagóir na n-aipeanna a bhaineann le seirbhísí luchtaithe mótarfheithiclí leictreacha atá in ann idir-inoibritheacht na n-aipeanna sin le Android Auto a áirithiú, ar dháta na hiarrata ar an rochtain sin, agus leis an oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ann teimpléad den sórt sin a fhorbairt.

64 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, leis an gcuid dheireanach den cheathrú ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, i gcás ina gceanglaítear ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad a fhorbairt do chatagóir aipeanna chun rochtain a dheonú ar ardán digiteach atá faoina úinéireacht, arna iarraidh ag gnóthas tríú páirtí, trína áirithiú go bhfuil na haipeanna lena mbaineann agus an t-ardán sin idir-inoibritheach, agus i bhfianaise na freagrachta speisialta atá ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht sin sa mhargadh, nach mór don ghnóthas sin, agus é ag deileáil le hiarrataí iomadúla ar rochtain ó ghnóthais tríú páirtí, critéir oibiachtúla a bhunú chun na hiarrataí sin a scrúdú agus chun tosaíocht a thabhairt dóibh.

65 Mar sin féin, ní léir ón iarraidh ar réamhrialú ná ón gcomhad os comhair na Cúirte gur díríodh iarrataí ó ghnóthais tríú páirtí, ina theannta sin, a bhí comhuaineach, chuig Google d'fhonn teimpléid a fhorbairt ar mhaithe le hidir-inoibritheach Anrdroid Auto le haipeanna arna bhforbairt ag na gnóthais sin a áirithiú.

66 É sin ráite, cé go bhfuil toimhde ábharthachta ag ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a bhaineann le dlí an Aontais, ní bhaineann an bonn cirt le tarchur chun réamhrialú le tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le ceisteanna ginearálta nó hipitéiseacha, ach leis an ngá is dual do réiteach éifeachtach díospóide (breithiúnas an 14 Eanáir 2021, *The International Protection Appeals Tribunal agus páirtithe eile*, C-322/19 agus C-385/19, EU:C:2021:11, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann an chuid dheireanach den cheathrú ceist, i ndairíre, le tuairim chomhairleach a fháil ón gCúirt, tá sí do-ghlactha.

68 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir lena ngnéithe eile, go mbaineann an tríú agus an ceathrú ceist leis na húdair oibiachtúla ar féidir le gnóthas ag a bhfuil ceannasacht brath orthu i ndáil le hiompar, arb é atá iontu diúltú teimpléad a sholáthar nó a fhorbairt le haghaidh aipeanna arna bhforbairt ag gnóthais tríú páirtí lena gceadaítear na haipeanna sin a úsáid trí ardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais sin ag a bhfuil ceannasacht, a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 102 CFAE agus an dualgas cruthúnais atá ar an ngnóthas sin agus ar an údarás iomaíochta inniúil faoi seach.

69 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína tríú ceist agus trína ceathrú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, i gcás iompar arb é atá ann, ar thaobh gnóthais ag a bhfuil ceannasacht, diúltú cead a dheonú d'aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí a bheith idir-inoibritheach le hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, go bhféadfar é a aicmiú mar mhí-úsáid, de réir bhrí na forála sin, go bhféadfaidh an gnóthas sin brath ar bhealach úsáideach, mar bhonn cirt oibiachtúil lena dhiúltú, ar an bhfíoras nach bhfuil aon teimpléad ann lena bhféadfar an idir-inoibritheacht sin a áirithiú ar an dáta a d'iarr an gnóthas tríú páirtí an rochtain sin, nó a bhféadfaí a cheangal ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht an teimpléad sin a fhorbairt. Ina theannta sin, fiafraíonn an chúirt sin, sa dara cás sin, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht, ar an gcéad dul síos, riachtanais ghinearálta an mhargaidh nó riachtanais an ghnóthais a bhfuil an rochtain sin á iarraidh aige a chur san áireamh agus, ar an dara dul síos, an gnóthas sin a chur ar an eolas faoin am is gá chun an teimpléad sin a fhorbairt nó an gceanglaítear ar an údarás iomaíochta a fhíorú, ar bhonn tosca oibiachtúla, an t-am a theastaíonn ón ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht chun teimpléad den sórt sin a fhorbairt.

70 Is léir ó chásdlí na Cúirte a bhaineann le hAirteagal 102 CFAE, go bhféadfadh gnóthas ag a bhfuil ceannasacht bonn cirt a thabhairt le hiompar a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos san Airteagal sin (breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 40, agus an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 201 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 Go háirithe, féadfaidh gnóthas den sórt sin a léiriú, chuige sin, go bhfuil gá lena iompar go hoibiachtúil nó go bhféadfaí an éifeacht eisiatach a ghabhann leis a fhrithchothromú, nó fiú níos mó ná é a fhrithchothromú, le gnóthachain éifeachtúlachta a théann chun tairbhe tomhaltóirí

freisin (breithiúnais an 27 Márta 2012, *Post Danmark*, C-209/10, EU:C:2012:172, mír 41, agus an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 202 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Ar an gcéad dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a dhiúltaíonn rochtain a dheonú do ghnóthas tríú páirtí ar ardán digiteach, agus a mhéid a d'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag an diúltú sin, brath ar bhealach úsáideach mar bhonn cirt oibiachtúil lena dhiúltú nach bhfuil aon teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna d'fhonn idir-inoibritheacht na n-aipeanna sin agus an ardáin sin a áirithiú ar an dáta ar iarradh an rochtain sin nó an bhféadfaí a cheangal ar an ngnóthas sin an teimpléad sin a fhorbairt chun cead a thabhairt don ghnóthas tríú páirtí sin an rochtain sin a fháil.

73 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 64 agus 65 dá Tuairim, d'fhéadfadh bonn cirt oibiachtúil a bheith le diúltú an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht idir-inoibritheacht aipe le hardán digiteach a áirithiú ar an bhforas nach bhfuil teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann i gcás ina gcuirfeadh deonú na hidir-inoibritheachta sin, ann féin agus i bhfianaise airíonna na haipe a bhfuil idir-inoibritheacht á lorg ina leith, sláine an ardáin lena mbaineann nó slándáil a úsáide i mbaol, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile an idir-inoibritheacht sin a áirithiú tríd an teimpléad sin a fhorbairt.

74 A mhalairt air sin, lasmuigh de chásanna den sórt sin, ní féidir an fíoras nach bhfuil aon teimpléad ann do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann ná na deacrachtaí a bhaineann lena fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ag an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht iontu féin a bheith ina bhonn cirt oibiachtúil le diúltú an ghnóthais sin rochtain a dheonú. Mar sin féin, agus na himthosca ábhartha uile i ndáil leis sin á gcur san áireamh, an riachtanas atá le tréimhse réasúnta ama a chaitheamh leis an bhforbairt sin agus, dá bhrí sin, gan bheith in ann an idir-inoibritheacht arna hiarraidh a chur chun feidhme láithreach, féadfar a mheas go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach go hoibiachtúil, agus riachtanais an ghnóthais atá ag iarraidh rochtain ar ardán an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht agus na deacrachtaí a bhíonn ag an ngnóthas sin maidir leis an teimpléad sin a fhorbairt á gcur san áireamh.

75 I ndáil leis sin, tá ábharthacht ar leith ag baint leis an deacracht theicniúil a bhaineann leis an teimpléad a fhorbairt do chatagóir na n-aipeanna lena mbaineann, lena gceadaítear an rochtain arna hiarradh, na srianta a bhaineann, laistigh de thréimhse ghearr, leis an bhfíric go bhfuil sé dodhéanta roinnt de na hacmhainní a fháil, go háirithe acmhainní daonna, is gá chun an teimpléad sin a fhorbairt i bhfianaise riachtanais an ghnóthais atá ag iarraidh an rochtain sin, nó fiú srianta lasmuigh den ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht a bhfuil tionchar acu ar a chumas an teimpléad sin a fhorbairt, amhail, mar shampla, srianta a bhaineann leis an gcreat rialála is infheidhme.

76 É sin ráite, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta le fios, go bunúsach, i míreanna 74 agus 75 dá Tuairim, is dócha gur costas don ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht é teimpléad den sórt sin a fhorbairt lena n-áirithítear an idir-inoibritheacht a iarradh. Mar sin féin, ní chuirtear cosc le hAirteagal 102 CFAE ar an ngnóthas sin ranníocaíocht airgeadais iomchuí a éileamh ar an ngnóthas a d'iarr an idir-inoibritheacht. Ní mór ranníocaíocht den sórt sin a bheith cóir agus comhréireach, rud a chuirfidh ar chumas an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, ag féachaint do chostas iarbhír na forbartha sin, buntáiste iomchuí a bhaint as. Tá socrú mhéid na ranníocaíochta sin gan dochar don ranníocaíocht sin a chur san áireamh in aon chur i bhfeidhm

ar rialacha eile de dhlí an Aontais lena rialaítear, de réir mar a bheidh, luach saothair an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht maidir leis an ngnóthas a d'iarr idir-inoibritheacht, d'úsáideoirí deiridh dá chur i bhfeidhm.

77 Ar deireadh, d'fhéadfadh mainneachtain an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht freagra a thabhairt ar iarraidh ó ghnóthas tríú páirtí atá ag iarraidh go n-áiritheoidh an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht sin go bhfuil an t-ardán digiteach atá faoina úinéireacht idir-inoibritheach le haip a d'fhorbair an gnóthas tríú páirtí sin a bheith ina fhianaise nach bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis an diúltú idir-inoibritheacht den sórt sin a áirithiú.

78 Ar an dara dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, cé go luíonn an dualgas cruthúnais maidir le cúinsí arb ionann iad agus sárú ar Airteagal 102 CFAE a bheith ann ar na húdaráis iomaíochta, ag an leibhéal Eorpach nó náisiúnta, mar a tugadh chun cuimhne i míreanna 70 agus 71 den bhreithiúnas seo, is don ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht lena mbaineann aon bonn cirt oibiachtúil a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaíomh agus, i ndáil leis sin, tacú léi le hargóintí agus fianaise.

79 Agus an ceanglas sin comhlíonta ag an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht, is don údarás iomaíochta atá sé ansin, má chinneann sé gurb ann do mhí-úsáid ceannasachta, a léiriú nach féidir rath a bheith ar na hargóintí agus an fhianaise ar a bhraith an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht sin agus, dá bhrí sin, nach féidir glacadh leis an mbonn cirt ar a bhfuiltear ag brath.

80 I ndáil leis sin, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, is faoin údarás iomaíochta inniúil atá sé, agus aird á tabhairt go háirithe ar na cúiseanna a nocht an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht don ghnóthas tríú páirtí lena dtugtar bonn cirt ar an diúltú, atá dírithe ar an ngnóthas tríú páirtí sin, a áirithiú go bhfuil aip a d'fhorbair an gnóthas tríú páirtí sin idir-inoibritheach le hardán digiteach faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, agus na himthosca ábhartha go léir á gcur san áireamh, a fháil amach an raibh gá oibiachtúil le diúltú an ghnóthais sin ag a bhfuil ceannasacht teimpléad a fhorbairt don chatagóir aipeanna lena mbaineann, rud a cheadódh idir-inoibritheacht den sórt sin, agus measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an diúltú sin.

81 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an tríú agus ar an gceathrú ceist ná nach mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhféadfadh iompar arb é atá ann, ar thaobh gnóthais ag a bhfuil ceannasacht, diúltú d'idir-inoibritheacht aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí le hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht a aicmiú mar mhí-úsáid de réir bhrí na forála sin, go bhféadfaidh an gnóthas sin brath ar bhealach úsáideach, mar bhonn cirt oibiachtúil lena dhiúltú, ar an bhfíoras nach bhfuil aon teimpléad ann lena bhféadfar an idir-inoibritheacht sin a áirithiú ar an dáta a d'iarr an gnóthas tríú páirtí an rochtain sin, i gcás ina ndéanfadh idir-inoibritheacht den sórt sin a dheonú tríd an teimpléid sin, ann féin agus i bhfianaise airíonna na haipe a bhfuil idir-inoibritheacht á lorg ina leith, sláine an ardáin lena mbaineann nó slándáil a úsáide i mbaol, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile an idir-inoibritheacht sin a áirithiú tríd an teimpléad sin a fhorbairt. Murab amhlaidh an cás, ceanglaítear ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad den sórt sin a fhorbairt, laistigh de thréimhse réasúnta is gá chun na críche sin agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, ranníocaíocht airgeadais iomchuí, agus riachtanais an ghnóthais tríú páirtí a d'iarr an fhorbairt sin, costas iarbhír an teimpléid agus ceart an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht tairbhe iomchuí a bhaint as á gcur san áireamh.

An cúigiú ceist

82 Lena cúigiú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, d'fhonn measúnú a dhéanamh an bhfuil mí-úsáid ann arb ionann í agus diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht, a áirithiú go bhfuil aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí idir-inoibritheach le hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, go gceanglaítear ar údarás iomaíochta sainmhíniú a thabhairt ar an margadh iartheachtach ar a bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag an diúltú sin, fiú mura bhfuil an margadh ach margadh féideartha.

83 Ní mór a mheabhrú gur réamhriachtanas é, i bprionsabal, an margadh ábhartha a chinneadh, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE, chun measúnú a dhéanamh an bhfuil ceannasacht ag an ngnóthas lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Feabhra 1973, *Europemballage agus Continental Can* v *an Coimisiún*, 6/72, EU:C:1973:22, mír 32), agus é mar chuspóir aige sainmhíniú a thabhairt ar an teorainn ar laistigh di nach mór a measúnú a dhéanamh an féidir leis an ngnóthas sin é féin a iompar, go suntasach, neamhspleách óna iomaitheoirí, a chustaiméirí agus a thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Samhain 1983, *Nederlandsche Banden-Industrie-Michelin* v *an Coimisiún*, 322/81, EU:C:1983:313, mír 37, agus an 27 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *Servier agus páirtithe eile*, C-176/19 P, EU:C:2024:549, mír 381).

84 Chun measúnú a dhéanamh ar chineál mí-úsáideach diúltaithe, mar a chuirtear síos air i mír 82 den bhreithiúnas seo, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dhá mhargadh, eadhon, ar an gcéad dul síos, an margadh lena mbaineann an t-ardán digiteach agus ar a bhfuil ceannasacht ag an ngnóthas ar leis an t-ardán sin, an margadh sin arb é an margadh réamhtheachtach é go ginearálta, agus, ar an dara dul síos, an margadh ar a n-úsáidtear an t-iarratas chun táirge eile a tháirgeadh nó chun seirbhís eile a sholáthar ag an ngnóthas a iarrann idir-inoibritheacht an haipe sin leis an ardán sin agus ar dócha go dtarlóidh éifeachtaí frithiomaíocha iompar an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, an margadh sin ar margadh comharsanach é, go háirithe margadh iartheachtach.

85 I gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE, ní gá sainmhíniú beacht a thabhairt ar mhargadh an táirge agus ar an margadh geografach chun an margadh iartheachtach a shainaithint. I gcúinsí áirithe, is leor margadh féideartha, nó fiú margadh hipitéiseach, a shainaithint (breithiúnas an 29 Aibreán 2004, *IMS Health*, C-418/01, EU:C:2004:257, mír 44). I gcás ina bhfuil an margadh iartheachtach lena mbaineann fós ag forbairt nó ag forbairt go tapa agus, dá bhrí sin, nach sainítear a raon feidhme go hiomlán ar an dáta a chuireann an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht an t-iompar a líomhnaítear a bheith mí-úsáideach chun feidhme, is leor don údarás iomaíochta an margadh sin a shainaithint, fiú mura bhfuil ann ach margadh féideartha. Ní mór don údarás sin ansin, agus saintréithe agus raon feidhme féideartha an mhargaidh sin á gcur san áireamh, a léiriú go bhféadfadh an t-iompar sin éifeachtaí frithiomaíocha a bheith aige ar an margadh céanna sin, fiú mura bhfuil ach iomaíocht ionchasach sa mhargadh sin idir táirgí nó seirbhísí an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht agus, i gcás iompair arb é atá ann an gnóthas ag a bhfuil ceannasacht sin a dhiúltaíonn don idir-inoibritheacht arna hiarraidh ag gnóthas tríú páirtí a bhfuil ardán digiteach aige atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, táirgí nó seirbhísí an ghnóthais a iarrann an idir-inoibritheacht sin.

86 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, ní mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, d'fhonn measúnú a dhéanamh an bhfuil mí-úsáid ann arb ionann í agus diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht, a áirithiú go bhfuil aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí idir-inoibritheach le

hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, nach bhféadfaidh údarás iomaíochta níos mó a dhéanamh ná an margadh iartheachtach a shainaithint ar a bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag an diúltú sin, fiú mura bhfuil sa mhargadh iartheachtach sin ach margadh ionchasach, ós rud é nach gá sainmhíniú beacht a thabhairt ar an margadh táirgí agus geografach atá i gceist a bheith ag teastáil chun sainaithint den sórt sin a dhéanamh.

Costais

87 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht a d'fhorbair ardán digiteach, idir-inoibritheacht an ardáin sin a áirithiú, ar iarratas ó ghnóthas tríú páirtí, le haip arna forbairt ag an ngnóthas tríú páirtí sin, a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta, cé nach bhfuil an t-ardán sin fíor-riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe sin ar mhargadh iartheachtach, ach go bhfuil sé in ann an aip sin a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí, i gcás nár fhorbair an t-ardán sin ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht do riachtanais a ghníomhaíocht féin amháin.**

2. **Ní mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi nach léiríonn an fíoras go raibh an gnóthas a d'fhorbair aip agus a d'iarr ar ghnóthas ag a bhfuil ceannasacht a áirithiú go bhfuil an t-ardán digiteach, atá faoi úinéireacht an ghnóthais sin, idir-inoibritheach lena aip, agus gur fhan iomaitheoirí an chéad ghnóthais gníomhach ar an margadh lena mbaineann an aip sin agus gur fhorbair siad a suíomh ar an margadh sin, cé nár bhain siad tairbhe as idir-inoibritheacht den sórt sin ar an ardán sin, ann féin nach bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag diúltú an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht an iarraidh sin a chomhlíonadh. Is gá a mheas an raibh an t-iompar sin ar thaobh an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht de chineál a chuirfeadh bac ar chothabháil nó ar fhorbairt na hiomaíochta ar an margadh ábhartha, agus na himthosca fíorasacha ábhartha go léir á gcur san áireamh.**

3. **Ní mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhféadfadh iompar arb é atá ann, ar thaobh gnóthais ag a bhfuil ceannasacht, diúltú d'idir-inoibritheacht aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí le hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht a aicmiú mar mhí-úsáid de réir bhrí na forála sin, go bhféadfaidh an gnóthas sin brath ar bhealach úsáideach, mar bhonn cirt oibiachtúil lena dhiúltú, ar an bhfíoras nach bhfuil aon teimpléad ann lena bhféadfar an idir-inoibritheacht sin a áirithiú ar an dáta a d'iarr an gnóthas tríú páirtí an rochtain sin, i gcás ina ndéanfadh idir-inoibritheacht den sórt sin a dheonú tríd an teimpléid sin, ann féin agus i bhfianaise airíonna na haipe a bhfuil idir-inoibritheacht á lorg ina leith, sláine an ardáin lena mbaineann nó slándáil a úsáide i mbaol, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile an idir-inoibritheacht sin a áirithiú tríd an teimpléad sin a fhorbairt. Murab amhlaidh an cás, ceanglaítear ar an ngnóthas ag a bhfuil ceannasacht teimpléad den sórt sin a fhorbairt, laistigh de thréimhse réasúnta is gá chun na críche sin**

agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, ranníocaíocht airgeadais iomchuí, agus riachtanais an ghnóthais tríú páirtí a d'iarr an fhorbairt sin, costas iarbhír an teimpléid agus ceart an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht tairbhe iomchuí a bhaint as á gcur san áireamh.

4. **Ní mór Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi, d'fhonn measúnú a dhéanamh an bhfuil mí-úsáid ann arb ionann í agus diúltú, ag gnóthas ag a bhfuil ceannasacht, a áirithiú go bhfuil aip arna forbairt ag gnóthas tríú páirtí idir-inoibritheach le hardán digiteach atá faoi úinéireacht an ghnóthais ag a bhfuil ceannasacht, nach bhféadfaidh údarás iomaíochta níos mó a dhéanamh ná an margadh iartheachtach a shainaithint ar a bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ag an diúltú sin, fiú mura bhfuil sa mhargadh iartheachtach sin ach margadh ionchasach, ós rud é nach gá sainmhíniú beacht a thabhairt ar an margadh táirgí agus geografach atá i gceist a bheith ag teastáil chun sainaithint den sórt sin a dhéanamh.**

[Sínithe]